Cuireadh chun Tairisceana

Cuireadh chun Tairisceana chun láithreán a dhiúscairt go dtí Comhlacht Ceadaithe Tithíochta a d'fhéadfaí cóiríocht chónaithe inacmhainne, a d'fhéadfaí a thógáil, a dhíol agus a léasú, a chur ar fáil do Chainteoirí Gaeilge sna Doirí Beaga (Gaoth Dobhair), Co. Dhún na nGall d'Údarás na Gaeltachta.

Forbairt chónaitheach sna Doirí Beaga (Gaoth Dobhair), Co. Dhún na nGall

Dáta deiridh: 12pm, 4 Nollaig 2026

Clár na nÁbhar

Cuid 1: Réamhrá 5

1.0 An tÚdarás Treorach 5

Cuid 2: Treoracha do Fhreagróirí 10

3.0 Ceistneoir (Cuid A -C) 16

Réimse Oibre	Diúscairt Talún a d'fhéadfaí a chur ar fáil d'fhorbairt chónaithe.
Ainm an Údaráis Chonarthaigh	Údarás na Gaeltachta
Teideal	**Cuireadh chun Tairisceana** chun láithreán a dhiúscairt go dtí Comhlacht Ceadaithe Tithíochta chun Cóiríocht Chónaithe Inacmhainne a chur ar fáil, a thógáil, a dhíol agus a léasú do Chainteoirí Dúchais sna Doirí Beaga (Gaoth Dobhair), Co. Dhún na nGall, d'Údarás na Gaeltachta, i ndlúthchomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall.
Cúlra	Ní údarás tithíochta é Údarás na Gaeltachta de réir an tsainmhínithe sna hAchtanna Tithíochta. Ní bhaineann soláthar, tógáil, bainistiú agus ligean cóiríochta cónaithe lena fheidhmeanna reachtúla agus lena acmhainn intí. Tá ról tánaisteach ag Údarás na Gaeltachta, áfach, chomh fada is a bhaineann le tithíocht a sholáthar, mar atá mínithe in Acht um Údarás na Gaeltachta (Leasú), 2026, a bhfuil cur síos níos mine déanta air thíos. Leasaítear Alt 8 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7). *"(7A) Féadfaidh an tÚdarás talamh a dhíol le comhlacht tithíochta ceadaithe (de réir bhrí Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019) nó le húdarás tithíochta (de réir bhrí Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992), nó a dhiúscairt ar shlí eile chuig an gcéanna, chun tithíocht a sholáthar sa Ghaeltacht"* Síníodh an tAcht seo ina dhlí ar an 1 Iúil 2026. Dá bhrí sin, ní mór dó oibriú i gcomhpháirt le hoibritheoir CCT ag a bhfuil an acmhainn chuí seachadta tithíochta chun an ceanglas atá ann chun cóiríocht chónaithe inacmhainne fhadtéarmach a chur ar fáil i gceantair Ghaeltachta a chomhlíonadh.
Cur Síos	Is mian le hÚdarás na Gaeltachta Comhlacht Ceadaithe Tithíochta ("CCT") a aithint ionas gur féidir dlús a chur le diúscairt láithreáin óna phunann chun tacú le cóiríocht chónaithe inacmhainne a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge sna Doirí Beaga (Gaoth Dobhair), Co. Dhún na nGall. Ainmneofar an CCT a cheaptar mar úinéir an láithreáin agus glacfaidh sé freagracht iomlán as seachadadh an tionscadail, lena n-áirítear dearadh an láithreáin, pleanáil, tógáil, agus ligean agus/nó díol na n-aonad cónaithe ar fad, agus feidhmeoidh sé mar úinéir agus tiarna talún fadtéarmach.

	Beidh an CCT a cheaptar freagrach as gach cead reachtúil, deimhniú agus aontú maidir le comhlíonadh. Chun amhras a sheachaint, níl an fhorbairt á maoiniú ag Údarás na Gaeltachta agus níl iarracht á déanamh aige tithíocht shóisialta a chur ar fáil de bhrí go bhfuil dóthain aonad sóisialta á dtógáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall (Forbairt Tithíochta Sóisialta ag Machaire Gathlán/Ard na gCeapairí, Doire Beag, Dún na nGall | Tairseach Chomhairliúcháin Ar Líne Chomhairle Contae Dhún na nGall). Tá CCT á lorg ag Údarás na Gaeltachta a bheidh in ann freagracht a ghlacadh as an Láithreán, agus beidh an infheistíocht thosaigh a chuireann Údarás na Gaeltachta ar fáil teoranta díreach do chead pleanála a fháil. Is é an CCT a bheidh freagrach as na rioscaí eile ar fad agus as an maoiniú forbartha.
Cineál Soláthair	Seirbhísí Oibreacha a bhaineann le Diúscairt an láithreáin
Treoir	2014/24/AE (Clasaiceach)
Nós imeachta	Oscailte
Baineann an CfT le	Conradh Poiblí
Cóid CPV	70110000 Seirbhísí forbartha eastáit réadaigh; 70111000 Forbairt eastáit réadaigh chónaithe; 70121000 Seirbhísí díola nó ceannaigh foirgnimh; 45000000 Obair thógála; 45211100 Obair thógála a bhaineann le tithe
Pointe Teagmhála	Údarás na Gaeltachta
Cód NUTS	IE
Teorainn ama chun Léirithe Spéise a fháil	12pm, 4 Nollaig 2026
Cead ag soláthraithe Léiriú Spéise a dhéanamh ar líne	Tá
Maoiniú AE	Ní hea
Dáta Foilsithe	Dé Céadaoin 4 Samhain 2026
Teanga an Fhoilsithe	EN / GA

Cuid 1: Réamhrá

1.1 Faoin Údarás Conarthach

Is é Údarás na Gaeltachta an t-údarás forbartha réigiúnach atá freagrach as forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta agus is é an príomhchuspóir atá aige ná tacú leis an nGaeilge mar theanga an phobail sa réigiún. Tá thart ar 100 duine ag obair san eagraíocht, a bhfuil a Ceanncheathrú sna Forbacha, Contae na Gaillimhe, mar aon le hoifigí réigiúnacha i nGaoth Dobhair, Contae Dhún na nGall, Daingean Uí Chúis, Contae Chiarraí, Béal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo, Baile Mhic Íre, Contae Chorcaí. Tá punann shuntasach de réadmhaoin thionsclaíoch agus oifige aige mar aon le páirceanna gnó ar fud na réigiún Gaeltachta. Tá tuilleadh eolais le fáil ar ár suíomh gréasáin (www.udaras.ie).

1.2 An Ghaeilge

Is í an Ghaeilge teanga riaracháin na heagraíochta, agus is ceanglas atá ann go mbeidh ar chumas Tairgeoirí an tseirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla de réir mar is gá. Cuirfidh Údarás na Gaeltachta comhairle agus tacaíocht ar fáil do Thairgeoir a n-éiríonn leis sa chomhthéacs seo.

1.3 Réasúnaíocht do Sholáthar an Tionscadail

Tá talamh i seilbh Údarás na Gaeltachta (an 'tÚdarás Conarthach') sna Doirí Beaga (Gaoth Dobhair), Co. Dhún na nGall, agus is mian leis Comhlacht Ceadaithe Tithíochta a aithint chun dlús a chur le cóiríocht chónaithe inacmhainne a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge ag an suíomh seo, i ndiaidh an próiseas tairisceana seo a chur i gcrích.

Tá an Cuireadh chun Tairisceana seo á fhógairt i ndiaidh, agus ag cur le toradh, Réamhchomhairliúchán Margaidh, a cuireadh i gcrích ar an 31 Iúil 2026.

Dá réir sin, agus tríd an gcleachtadh seo a dhéanamh, tá Údarás na Gaeltachta ag fáiltiú roimh thairiscintí ó Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta faoi nós imeachta oscailte, chun críche CCT a aithint a bheidh in ann smacht a ghlacadh ar an láithreán agus an Fhorbairt a dhearadh, a phleanáil, a ligean agus/nó a dhíol, ar an mbonn atá leagtha amach sa doiciméad seo (*"an Comórtas"*).

Bunús Rannpháirtíochta: Chun amhras a sheachaint, níl an fhorbairt á maoiniú ag Údarás na Gaeltachta agus níl iarracht á déanamh aige tithíocht shóisialta a chur ar fáil. Tá Comhlacht Ceadaithe Tithíochta á lorg ag Údarás na Gaeltachta a bheidh in ann freagracht a ghlacadh as an Láithreán, agus beidh an infheistíocht thosaigh a chuireann Údarás na Gaeltachta ar fáil teoranta díreach do chead pleanála a fháil (tá tuilleadh sonraí le fáil i gCuid 1, Rannóg 5 thíos).

Is é an CCT a cheaptar a bheidh freagrach as na rioscaí eile ar fad agus as an maoiniú forbartha, lena n-áirítear iniúchtaí láithreáin sa bhreis ar an infheistíocht thosaigh, forbairt an dearaidh, tógáil, díol agus/nó ligean, agus bainistíocht sócmhainní leanúnach. Caithfear na haonaid ar fad a chur ar fáil do Chainteoirí Gaeilge, agus ní mór scrúdú a dhéanamh ar gach modh atá ann chun cóiríocht chónaithe inacmhainne a chur ar fáil, .i., ligean agus ceannach. Tabhair faoi deara freisin go mbeidh tuilleadh comhairliúcháin le Comhairle Contae Dhún na nGall riachtanach chun tithíocht inacmhainne a chur ar fáil.

Tarraingítear aird freagróirí ar an mbunús rannpháirtíochta atá leagtha amach thíos go háirithe agus ar na téarmaí atá sonraithe i nDoiciméad na nDréacht-Phríomhthéarmaí Comhaontaithe atá le fáil sa phacáiste tairisceana. Ní chuirfidh rannpháirtíocht sa Chomórtas seo oibleagáid ar Údarás na Gaeltachta chun aon chonradh a thabhairt i gcrích, agus coimeádann Údarás na Gaeltachta an ceart gan leanúint ar aghaidh leis an tionscadal, go hiomlán nó i bpáirt, ag aon am. Ar leithligh, agus beag beann ar an struchtúr conarthach a roghnaíodh ar deireadh, ceanglóidh forbairt aon tithíochta ar na tailte aitheanta cead pleanála faoi Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000/24/26, agus faoin Acht sin ní mór go mbeadh aon chead a thugtar ag teacht le plean forbartha ábhartha an údaráis áitiúil (lena n-áirítear na cuspóirí tuaithe, Gaeltachta, teanga agus criosaithe) agus le haon cheanglas measúnaithe comhshaoil infheidhme faoi Threoracha an AE maidir le Measúnú Tionchair Timpeallachta agus maidir le Gnáthóga.

1.4 Faoin Tionscadal

Tá an láithreán ábhartha suite feadh Bhóthar Ard na gCeapairí (L1373), Doirí Beaga, laistigh de Limistéar Pleanála Teanga Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir, Contae Dhún na nGall.

Samhlaítear gur scéim athbheochana chéimnithe don Ghaeltacht í an fhorbairt bheartaithe, atá le cur ar fáil ag an CCT a cheaptar mar úinéir agus tiarna talún fadtéarmach. Tá an méid seo a leanas san áireamh sna príomhghnéithe:

- Láithreán thart ar 2 heicteár / 4.94 acra
- Céim 1 – Athchóiriú agus iarfheistiú domhain 4 bhungaló, 3 sheomra leapa, atá folamh faoi láthair chun 8 dteaghais ina bhfuil 2 sheomra leapa a chur ar fáil, mar aon le carrchlós agus spás oscailte príobháideach gaolmhar, mar thionscadal píolótach faoin scéim Cíos Inacmhainne um Thionóntacht Shábháilte (STAR).
- Céim 2 – 6-12 aonad cónaithe nua a thógáil do cheannach inacmhainne, mar aon le carrchlós agus spás oscailte príobháideach gaolmhar, agus a chinntiú go bhfuil gach caighdeán dearaidh reachtúil á gcomhlíonadh anois agus i rith na céime pleanála.
- Bealaí rochtana nua d'fheithiclí agus do choisithe a chur ar fáil, spás oscailte poiblí, bonneagar draenála agus na hoibreacha coimhdeacha ar fad.
- Bonneagar a chur ar fáil chun tacú le forbairt chónaithe amach anseo

Beidh rochtain ar leithligh á fáil ar gach teaghais 4 tríd an L1373 Bóthar Ard na gCeapairí. Léirítear fairsinge na dteaghaisí 4 thíos.



➢

Figiúr 1 – Teaghaisí ar an Láithreán Ábhartha



Figiúr 2- Léarscáil ón Aer den láithreán ábhartha imlínithe i ndath Dearg agus coincheap céimnithe

D'fhéadfadh an fhorbairt 8 – 20 Teaghais chónaithe a chur ar fáil sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma (agus d'fhéadfaí tuilleadh teaghaisí cónaithe a chur ar fáil amach anseo), ag dlús cónaithe de thart ar 10 n-aonad ar gach heicteár, faoi réir cead pleanála cuí a fháil. Meastar go bhfuil an dlús seo oiriúnach, ag féachaint d'imeall na lonnaíochta, do charachtar leath-tuaithe an láithreáin agus don chomhthéacs Gaeltachta.

Tá na céimeanna atá sonraithe thuas táscach agus is faoin CCT a bheidh sé pleananna a dhéanamh dá réir chun inmharthanacht thráchtála a chinntiú.

1.5 Bunús Rannpháirtíochta - Téarmaí Tráchtála

Beifear ag súil go nglacfaidh an CCT a cheaptar i ndiaidh an phróisis seo páirt i bPríomhthéarmaí Comhaontaithe (féach ar na téarmaí molta atá i gceangal leis seo), agus i gComhaontú Pleanála agus Aistriú Talún ina dhiaidh sin, in éineacht le hÚdarás na

Gaeltachta ar an mbonn seo a leanas go substaintiúil. Ba cheart do fhreagróirí an rannóg seo a léamh go cúramach sula líonann siad an ceistneoir i gCuid 3:

- Gealltanas Forbartha: Ceanglófar ar an CCT staidéar féidearthachta a chur ar fáil, agus ina dhiaidh sin, páirt a ghlacadh i gComhaontú Ceada Pleanála, chun dlús a chur leis an bhForbairt. Beidh Cuntais Airgeadais an CCT (iniúchta, don trí bliana airgeadais deiridh) ag teastáil sula sínítear na Príomhthéarmaí Comhaontaithe. Táthar ag súil go dtabharfaidh CCT rathúil aird ar an amlíne seo tráth nach déanaí ná 30 lá

- i ndiaidh Mhaoiniú Cothromais Údarás na Gaeltachta (Pleanáil Amháin): Cuirfidh Údarás na Gaeltachta maoiniú ar fáil don CCT chun cabhrú leis chun cead pleanála a fháil, in éineacht leis an eisíocaíocht láithreáin thosaigh; páirteach anseo beidh an fhoireann dearaidh agus an eisíocaíocht phleanála, iniúchtaí láithreáin agus forchostas ceannoifige (iníoctha in incrimintí míosúla thar thréimhse seacht mí). Tá an maoiniú seo teoranta go docht do chead pleanála a fháil agus don eisíocaíocht láithreáin thosaigh; ní maoiniú forbartha atá ann. Ba cheart do CCT atá ag cur isteach tairiscint mionsonraí a chur ar fáil faoin méid infheistíochta a theastaíonn uaidh agus eolas maidir leis an infheistíocht mheaitseáilte a chur ar fáil.

- Rannpháirtíocht Pobail: Beifear ag súil go mbuailfidh an CCT leis an bpobal áitiúil roimh an bpleanáil chun eolas a roinnt leis maidir lena thograí, agus déanfar an taithí ar rannpháirtíocht pobail a mheas.

- Sprioc Pleanála: Tá sé de sprioc go mbeidh faomhadh ar an gcead pleanála faoi Eanáir 2027 **nó roimhe**. Mura mbíonn aon chinneadh eisithe faoin tráth sin, tá an t-iarratas le cur isteach faoin dáta sin agus, i gcás ar bith, beifear ag feitheamh ar chinneadh i R1 2027.

- Litir Thoilithe: Chun críche cead pleanála a fháil, cuirfidh Údarás na Gaeltachta, mar úinéir talún, litir thoilithe ar fáil do CCT ionas gur féidir an t-iarratas pleanála a thaisceadh.

- Aistriú Talún: Glacfar leis an gcead pleanála don Fhorbairt a fháil mar gharsprioc a spreagfaidh an oibleagáid atá ar Údarás na Gaeltachta an Láithreán a dhíol leis an CCT, faoi réir cúnaint ar theideal a chuireann srian le háitiú na cóiríochta - is cainteoirí Gaeilge a bheidh ina gcónaí sa chóiríocht. Ní mór an t-aistriú talún a chur i gcrích laistigh de 2 mhí ó chead pleanála a fháil.

- Ról an CCT agus Cúrsaí Rioscaí: Mar úinéir fadtéarmach agus tiarna talún, feidhmeoidh an CCT mar chliant i rith na Forbartha. Glacfar páirt i gcomhaontuithe conarthacha leis an gconraitheoir, maoinitheoirí agus aon cheannaitheoir nó tionónta féideartha, agus beidh sé faoi dhliteanas leanúnach chomh fada is a bhaineann le móroibreacha cothabhála inmheánacha agus struchtúrtha i ndiaidh aistrithe agus comhlíonta tógála chun a chinntiú go gcuirtear próisis díolacháin i gcrích.

  Seachas an maoiniú don chéim phleanála atá leagtha amach thuas, is é an CCT a bheidh freagrach as na rioscaí forbartha agus as an maoiniú forbartha, lena n-áirítear forbairt an dearaidh, costais tógála, díol agus/nó ligean, agus bainistíocht sócmhainní leanúnach.

- Garspriocanna Táscacha:
    - R4 2026 - staidéar féidearthachta agus comhairliúchán réamhphleanála a réiteach;
    - R1 2027 - an t-iarratas pleanála a réiteach agus a chur faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún na nGall;
    - R1/2 2027 - deonú ceada pleanála agus próiseas tairisceana; iarratas ar scéim STAR
    - R3 2027 – tús a chur leis an obair thógála, de réir na gcéimeanna atá leagtha amach sa doiciméad seo nó céimniú ar bith eile dá leithéid a d'fhéadfadh teacht chun cinn i rith an phróisis phleanála.

Tá sé beartaithe an fhorbairt tháscach seo a dhéanamh i rith na gcéimeanna seo a leanas (faoi réir athraithe i gcomhairle leis an bpáirtí rathúil):

- Céim 1: Athchóiriú agus iarfheistiú domhain 4 bhungaló, 3 sheomra leapa, atá folamh faoi láthair chun 8 dteaghais ina bhfuil 2 sheomra leapa a chur ar fáil do ligean inacmhainne, mar aon le carrchlós agus spás oscailte príobháideach gaolmhar, mar thionscadal píolótach faoin scéim Cíos Inacmhainne um Thionóntacht Shábháilte (STAR) (faoi réir tuilleadh plé leis an nGníomhaireacht Tithíochta).
- Céim 2: 6-12 aonad cónaithe nua a thógáil do cheannach inacmhainne, mar aon le carrchlós agus spás oscailte príobháideach gaolmhar, agus a chinntiú go bhfuil gach caighdeán dearaidh reachtúil á gcomhlíonadh (faoi réir tuilleadh plé le Comhairle Contae Dhún na nGall).
- Céim 3: Faoi réir Chéim 1 agus Chéim 2 a chur i gcrích agus a áitiú, tuilleadh forbartha cónaithe ar bhealach pleanáilte agus comhtháite comhsheasmhach le máistirphlean láithreáin ceadaithe (faoi réir tuilleadh plé a dhéanamh le Comhairle Contae Dhún na nGall agus leis an CCT a bheidh ceaptha).

1.6 Cuspóir an Chomórtais

Is é cuspóir an Chomórtais Comhlacht Ceadaithe Tithíochta a aithint agus a ghearrliostú a bheidh in ann freagracht a ghlacadh as an Láithreán agus tithíocht inacmhainne chuí agus oiriúnach a chur ar fáil do dhaonra Limistéar Pleanála Teanga Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir, ar bhonn na rannpháirtíochta atá leagtha amach i Rannóg 1.5 thuas.

Mar bhonn le riachtanas straitéiseach an tionscadail seo tá an riachtanas tithíochta suntasach laistigh den Ghaeltacht. Mhéadaigh daonra Limistéar Pleanála Teanga Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir 256 duine idir 2016 agus 2022, sin méadú ó 5,895 go dtí 6,151. D'ainneoin an fháis daonra seo, níor tógadh ach 57 aonad tithíochta príobháideach sa cheantar ó 2016 ar aghaidh, sin easnamh suntasach agus leanúnach ar sholáthar tithíochta i gcoibhneas le héileamh.

Tá an fhorbairt seo deartha d'aon turas chun dul i ngleic leis an easnamh aitheanta trí thithíocht ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge i nGaeltacht Dhún na nGall, de réir chuspóirí reachtúla an Údaráis Chonarthaigh, agus freastal ar fheidhm thánaisteach chomh fada is a bhaineann le soláthar tithíochta. Admhaítear, áfach, go bhfeidhmíonn Comhairle Contae Dhún na nGall mar údarás riaracháin do thithíocht sa réigiún agus go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta aici chomh fada is a bhaineann le tithíocht shóisialta a chur ar fáil. Dá ainneoin sin, tá tuilleadh fianaise fós ar

an easpa rochtana ar thithíocht inacmhainne le fáil sna freagraí sa LPT don réigiún seo, sa suirbhé tithíochta a choimisiúnaigh Údarás na Gaeltachta, inar tharraing freagróirí aird ar rochtain ar thithíocht inacmhainne mar an phríomhchúis atá leis an gcinneadh atá á dhéanamh ag cainteoirí Gaeilge athlonnú ón nGaeltacht.

Tá an tairiscint seo á cur i gcrích de réir an nóis imeachta oscailte faoi Airteagal 27 de Threoir 2014/24/AE, trasuite i ndlí na hÉireann ag Rialachán 27 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Conarthaí Údaráis Phoiblí a Bhronnadh) 2016 (I.R. Uimh. 284 de 2016)

Is iad príomhchuspóirí an chleachtaidh seo Comhlacht Ceadaithe Tithíochta atá in ann fianaise ar an méid seo a leanas a chur ar fáil, a aithint agus a ghearrliostú:

- taithí ar fhorbairt chónaithe i gcomhthéacsanna tuaithe agus/nó Gaeltachta, agus tagairt ar leith a dhéanamh do cheantar Ghaoth Dobhair / an Bhuna Bhig.
- tithíocht inacmhainne agus réitigh chíosa inacmhainne fhadtéarmacha a chur ar fáil (cosúil le scéim STAR nó scéimeanna eile) a bheidh oiriúnach don láithreán agus don chomhthéacs Gaeltachta, agus na hamlínte aitheanta a chomhlíonadh;
- ceanglais Údarás na Gaeltachta a chomhlíonadh, lena n-áirítear tithíocht do chainteoirí Gaeilge;
- an phíblíne, an acmhainn agus an seasamh airgeadais chun an tionscadal seo a chur i gcrích;
- eolas margaidh ar agus cumas chun coinníollacha pleanála, comhshaoil agus teanga atá infheidhme i ndáil le forbairtí Gaeltachta a aithint.
- cur chuige tógála oiriúnach a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Modhanna Tógála Nua-Aimseartha (MTN);
- fonn oibre agus cumas chun airgeadas forbartha don tionscadal a mhaoiniú, ar an mbonn go bhfuil maoiniú dílis Údarás na Gaeltachta teoranta díreach do chead pleanála a chumasú;
- tuiscint ar rioscaí agus srianta a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear bonneagar fuíolluisce, ainmniúcháin chomhshaoil agus ceanglais a bhaineann le Measúnuithe Tionchair Teanga, agus a bheith in ann iad a bhainistiú.

Cuid 2: Treoracha do Fhreagróirí

2.1 Ginearálta

Is Cuireadh chun Tairisceana foirmiúil é seo, a eisíodh mar nós imeachta oscailte chun Comhlacht Ceadaithe Tithíochta a cheapadh chun an Fhorbairt a bhfuil cur síos déanta uirthi i gCuid 1 den doiciméad seo a sholáthar. Déanfar freagraí a mheas i gcomparáid leis na critéir atá leagtha amach i gCuid 3 den doiciméad seo. Bunaithe ar na freagraí a fhaightear, féadfaidh Údarás na Gaeltachta cuireadh a thabhairt do fhreagróir amháin nó níos mó chun leanúint ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas, agus d'fhéadfadh rannpháirtíocht dhíreach maidir le Príomhthéarmaí Comhaontaithe a bheith i gceist leis an bhfreagróir tosaíochta.

Coimeádann An tÚdarás Conarthach an ceart chun cinneadh a dhéanamh gan leanúint ar aghaidh leis an tionscadal, nó le haon chuid den tionscadal, faoina lánrogha iomlán.

2.2 Fiosrúcháin

Tá sé beartaithe go gcuirfidh an t-ábhar atá le fáil sa doiciméad seo dóthain eolais chúlra ar fáil do fhreagróirí ionas gur féidir sonraí maidir lena dtairiscintí a chur ar fáil.

Dá ainneoin seo, spreagann an tÚdarás Conarthach freagróirí chun soiléiriú maidir leis an bhfógra agus ceistneoir seo a lorg más gá. Ní mór gach soiléiriú a bhaineann leis an gComórtas a chur isteach trí eTenders (www.etenders.gov.ie).

Ba cheart fiosrúcháin a sheoladh ar aghaidh roimh an spriocdháta atá sonraithe ar an gclúdach tosaigh.

Ní chuirfear sonraí na ndaoine a dhéanann fiosrúcháin ar fáil nuair a bheidh an freagra á roinnt le daoine.

Ní mór gach fiosrúchán a dhéanamh roimh an spriocdháta ionas gur féidir freagraí a chur ar fáil do gach páirtí leasmhar.

2.3 Spriocdháta d'Aighneachtaí

Tá an spriocdháta chun glacadh le haighneachtaí luaite ar an leathanach teidil.

Is iad na páirtithe leasmhara atá freagrach as a chinntiú go bhfuil a n-aighneacht líonta agus uaslódáilte faoin spriocdháta sonraithe. Ní chuirfear aighneachtaí a fhaightear i ndiaidh an spriocdháta nó ar bhealaí eile san áireamh sa chomórtas soláthair phoiblí seo.

Pointe tábhachtach is ea nach féidir ach le daoine a d'íoslódáil agus a ghlac le doiciméad aighneacht a uaslódáil.

2.4 Treoir maidir le hAighneachtaí

Tá úsáid á baint ag an Údarás Conarthach as saoráid bosca poist ar eTenders, agus ní mór freagraí a chur ar fáil go leictreonach trí shaoráid bosca poist eTenders ar www.etenders.gov.ie. Ní ghlacfar ach le haighneachtaí a sheoltar tríd an mbosca poist leictreonach. **Ní** ghlacfar le haighneachtaí trí aon mhodh eile (lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do ríomhphost, post nó seachadadh de láimh).

Ní mór do pháirtithe leasmhara a chinntiú go bhfuil dóthain ama acu chun na doiciméid riachtanacha ar fad a uaslódáil agus a chur isteach roimh an spriocdháta/sprioc-am agus aird a thabhairt ar ardán nua eTenders. Ná déan dearmad go n-athraíonn luasanna uaslódála. Ionas gur féidir leat freagra a chur isteach tríd an mbosca poist leictreonach a úsáid, tabhair faoi deara nach mór duit a chinntiú go bhfuil an freagra curtha isteach go hiomlán agat. Moltar duit súil a chaitheamh ar an ardán nua roimh an spriocdháta.

Má tá aon amhras ort, cinntigh go ndéanann tú teagmháil le deasc chabhrach eTenders ar an mbealach seo a leanas:

European Dynamics - Treoracha Úsáideoirí Gearra


Fáil ar an gCáipéisíocht

Tá sé tábhachtach go **NASCANN** tú do chuideachta leis an gcomórtas seo ar an gcéad dul síos. Chun é sin a dhéanamh, ní mór duit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Logáil isteach sa chóras
(b) Aimsigh an comórtas trí Chuardach Casta bunaithe ar Údarás Conarthach nó Aitheantas Acmhainne
(c) Cliceáil ar an hipearnasc don chomórtas a thabharfaidh chomh fada le CfT Workspace thú
(d) I Roghchlár Taispeáin CfT don chomórtas cliceáil ar "Léiriú Spéise" sa roghchlár anuas
(e) Líon an táb "Nasc leis an CfT".
(f) Ansin cuirfear nasc ar fáil duit chomh fada le "Tairiscint" faoi Taispeáin Roghchlár CfT

2.5 Do Fhreagra a chur isteach

Nuair a bhíonn an comórtas seo á fhreagairt agat, cliceáil ar Thograí agus ceangail do fhreagra sa táb Seol Togra.



Uaslódáil do fhreagra mar **ZIPCHOMHAD** chun sláine na gcomhadainmneacha a chosaint.

2.6 Rúndacht

Déileálfar le gach freagra faoi rún daingean, ach ba cheart do fhreagróirí a thabhairt faoi deara, faoi Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), 2007 - 2014, go bhféadfaí eolas a chuireann siad ar fáil i rith an chomórtais seo a nochtadh. Iarrtar ar fhreagróirí a machnamh a dhéanamh ar aon eolas a chuireann siad ar fáil nár cheart a nochtadh mar gheall ar rúndacht nó íogaireacht thráchtála. Má shíleann freagróirí nár cheart eolas áirithe a nochtadh mar gheall ar rúndacht nó íogaireacht thráchtála, ba cheart dóibh, nuair a bhíonn a leithéid d'eolas á chur ar fáil, na codanna sonracha den fhreagra a aithint ina bhfuil a leithéid sin d'eolas agus na cúiseanna atá leis an rúndacht nó íogaireacht thráchtála a shonrú. Tabhair faoi deara, nach bhfuil an tÚdarás Conarthach ag fáiltiú roimh fhaisnéis phraghsála i láthair na huaire.

2.7 Foirmeacha le Cur Isteach

Chomh maith leis an gceistneoir comhlíonta i gCuid 3, ní mór do na freagróirí na foirmeacha atá leagtha amach in Aguisín 1 (Foirmeacha agus Dearbhuithe) a chomhlánú agus a chur isteach mar a leanas. Tá an Cuireadh don Tairiscint taobh thíos den tairseach soláthair AE ábhartha, ní theastaíonn Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar (ESPD).

- Litir Chumhdaigh ón Iarratasóir
- Eolas faoin Iarratasóir
- Aighneacht Bona Fide
- Coimhlintí Leasa
- Incháilitheacht
- Foirm Chomhaontaithe Comhroinnte Sonraí
- Ráiteas maidir le Cosaint Sonraí
- Dearbhú maidir leis an Staid Airgeadais agus Eacnamaíochta

D'fhéadfadh sé go measfaí go bhfuil na haighneachtaí neamhiomlána, nó na haighneachtaí ina bhfuil aon cheann de na foirmeacha thuasluaite in easnamh, neamhchomhlíontach agus d'fhéadfaí iad a chur as an áireamh ó na haighneachtaí a ndéanfar meastachán orthu, faoi rogha Údarás na Gaeltachta.

D'fhéadfadh sé go measfaí go bhfuil na haighneachtaí neamhiomlána, nó na haighneachtaí ina bhfuil aon cheann de na foirmeacha thuasluaite in easnamh, neamhchomhlíontach agus d'fhéadfaí iad a chur as an áireamh ó na haighneachtaí a ndéanfar meastachán orthu, faoi rogha Údarás na Gaeltachta.

2.8 Modheolaíocht Luachála

Tá an Comórtas taobh thíos den tairseach soláthair AE ábhartha. Mar sin féin, agus muid ag cloí leis na prionsabail ghinearálta trédhearcachta, leis na prionsabail um chóir chomhionann agus chomhréireachta, déanfar meastachán ar na freagraí mar a leagtar amach thíos.

Measúnú Oiriúnachta (Pas/Teip)

Déanfar measúnú ar Eolas faoin bhFreagróir, lena n-áirítear na ráitis airgeadais riachtanacha agus an Dearbhú Bunúis Rannpháirtíochta, agus ar gach foirm in Aguisín 1 (Foirmeacha agus Dearbhuithe) ar bhunús **Pas/Teip amháin**. Ní chuirfear freagróirí nach mbaineann amach an t-íoschaighdeán seo ar aghaidh don mheasúnú.

Meastachán Cáilíochta agus Maoinithe (Scóráilte)

Déanfar measúnú ar na freagróirí a bhaineann amach na bunriachtanais in aghaidh na gcritéar i Roinn A, B agus C sa cheistneoir, agus déanfar an scóráil as 100 marc, agus iad ualaithe mar a leanas:

- Roinn A – Maoiniú ag Teastáil ó Údarás na Gaeltachta (20 marc). Ní rachaidh na freagróirí a chuireann isteach luach níos mó ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile agus ní thabharfar meas ar a n-aighneachtaí.
- Roinn B – Samhail Seachadta, Cur Chuige Inniúlachta agus Soláthair CCT (40 marc):

- Roinn C – Comhtháthú Pobail / Sóisialta (40 marc):

Caitear leis an méid a iarrtar faoi Roinn A mar fhigiúr críochnúil ar mhaithe le measúnú; ní fhágann sé go maoineoidh Údarás na Gaeltachta méid ar bith a sháraíonn €150,000, agus ní athraíonn sé an bunús rannpháirtíochta a leagtar amach i gCuid 1, Roinn 1.5. Measfar neamhchomhlíontach aon tairiscint a bhfuil figiúr os cionn €150,000 ann faoi Chuid A.

Déanfar Roinn A, B agus C a scóráil ach tagairt don scála thíos:

- 0 – freagra ar bith, nó freagra atá neamhchomhlíontach;
- 1–2 – drochfhianaise tugtha, bearnaí suntasacha nó údair shuntasacha imní;
- 3 – freagra sásúil, comhlíonann sé an riachtanas;
- 4 freagra maith, fianaise shoiléir tugtha;
- 5 – sár-fhreagra, léirithe go hiomlán agus go háititheach. Na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an tairiscint tuigthe ina n-iomláine.

Teastaíonn scór iomlán de 50 marc (as 100) ar a laghad ionas go gcuirfear freagróir ar aghaidh do mheasúnú. Tá sé de cheart ag Údarás na Gaeltachta, agus é de rogha aige, soiléiriú a lorg ó fhreagróir ar bith sula ndéanfar cinneadh maidir leis na scóir dheiridh, agus gan aon chonradh a bhronnadh, sa chás go bhfuil sé den tuairim nach dtugann aon fhreagra aghaidh ar riachtanais an Chomórtais seo go sásúil.

3.0 Ceistneoir (Cuid A -C)

Iarrtar ar fhreagróirí gach cuid (A - C) den cheistneoir seo a líonadh. Ba cheart go mbeadh freagraí soiléir, cruinn agus bunaithe ar thaithí shoiléir atá ábhartha don tionscadal a bhfuil cur síos déanta air sa Chuireadh chun Tairisceana seo.

Cuid A

Ceist 1: Cuir isteach briseadh síos de do chritéir mhaoinithe. *(20 marc)* ➢ *Bronnfar marcanna bunaithe ar an tuiscint ar an tairiscint*
[Ionchur ón bhFreagróir] 750 focal ar a mhéad

Cuid B

Ceist 2 (a): Samhail Seachadta, Cur Chuige Inniúlachta agus Soláthair CCT *(40 marc)*

Déan cur síos ar an gcaoi a ndéanfadh d'eagraíocht, mar Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta (CCT), an scéim seo a sheachadadh ó aistriú talún go dtí cur i gcrích agus aistriú seilbhe bunaithe ar do thaithí ghairmiúil ar riosca, seachadadh agus luaineachtaí margaidh a láimhseáil. Ba cheart na gnéithe seo a leanas a chlúdach i do fhreagairt:

- Do shamhail seachadta mholta ;
- Do chur chuige soláthair, lena n-áirítear an chaoi a rachfá i dteagmháil le soláthraithe áitiúla, le conraitheoirí agus le gníomhaireachtaí stáit ábhartha;
- Cén chaoi a maoineofá an fhorbairt tar éis aistriú na talún
- Aithint ar rioscaí féideartha agus do chur chuige maidir le bainistíocht rioscaí

[Ionchur ón bhFreagróir] 2,000 focal ar a mhéad

Ceist 2 (b): ***Taithí ar thionscadail roimhe seo – fianaise ar thaithí roimhe seo maidir le tionscadal comhchosúil a sheachadadh***

Cuid C

Ceist 3: Cuid C: Rannpháirtíocht Pobail agus Comhtháthú Sóisialta *(40 marc*

Cén chaoi a ndéanfadh d'eagraíocht teagmháil le pobal áitiúil Limistéar Pleanála Teanga Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir chun comhtháthú sóisialta a chur chun cinn sula gcuirfear tús leis na céimeanna pleanála agus tógála?

Ba cheart a áireamh i do fhreagairt:

Aithint ar phríomhpháirtithe leasmhara

Nósanna imeachta cumarsáide

Próiseas réitigh fadhbanna agus géaraithe

Úsáid d'eispéireas roimhe seo chun do chur chuige a mhíniú

[Ionchur ón bhFreagróir] 2,000 focal ar a mhéad

Go raibh maith agat as an am a ghlacadh agus as an dua a chur ort féin chun an Cuireadh a chur isteach chuig Tairiscint

Ba cheart freagraí a chur isteach trí eTenders ag www.etenders.gov.ie

Aguisín 1

Foirmeacha & Dearbhú

Aguisín 1

Tá na foirmeacha le Comhlánú agus le Cur Isteach ar Bhonn PAS/ TEIP AMHÁIN

Caithfidh na hIarratasóirí na foirmeacha san Aguisín seo a chomhlánú ina n-iomláine agus a sheoladh ar ais.

1. Litir Chumhdaigh ón Iarratasóir (Sínigh agus seol ar ais)
2. Eolas faoin Iarratasóir (Sínigh agus seol ar ais)
3. Aighneacht Bona Fide (Sínigh agus seol ar ais)
4. Coimhlintí Leasa (Sínigh agus seol ar ais)
5. Incháilitheacht (Sínigh agus seol ar ais)
6. Foirm Chomhaontaithe Comhroinnte Sonraí (Sínigh agus seol ar ais)
7. Ráiteas maidir le Cosaint Sonraí (Sínigh agus seol ar ais)
8. Dearbhú maidir leis an Staid Airgeadais agus Eacnamaíochta (Sínigh agus seol ar ais)

FOIRM 1 - RÁITEAS AN IARRATASÓRA

[le comhlánú ag an Iarratasóir ar a pháipéar ceannchlóite féin]

Chuig: Údarás na Gaeltachta

Maidir le: Cuireadh chun tairisceana chun láithreán a dhiúscairt go dtí Comhlacht Ceadaithe Tithíochta a d'fhéadfaí cóiríocht chónaithe inacmhainne, a d'fhéadfaí a thógáil, a dhíol agus a léasú, a chur ar fáil do Chainteoirí Gaeilge sna Doirí Beaga (Gaoth Dobhair), Co. Dhún na nGall d'Údarás na Gaeltachta

Tar éis dúinn scrúdú a dhéanamh ar do Chuireadh chun Tairisceana do Chomórtas, cuirimid leis seo ár n-aighneacht san áireamh agus aontaímid agus dearbhaímid an méid a leanas ar ár son féin (agus sa chás gur grúpa muid, ar aon gach ball dár nGrúpa):

Tuigimid cineál agus méid na nOibreacha a caithfear a chur ar fáil de réir an Chonartha, agus na rioscaí a bhaineann leo sin, agus rinneamar gach díograis chuí riachtanach maidir leis an méid sin.

Deimhnímid go ndearnamar ár nAighneacht de réir na dtreoracha a leagtar amach sa Chuireadh le haghaidh Léiriú Spéise.

Tuigimid nach gcuireann Údarás na Gaeltachta iallach orthu féin glacadh leis an aighneacht is ísle ná le haighneacht ar bith a dhéantar mar fhreagairt do na doiciméid don chomórtas soláthair seo.

Tuigimid go bhfuil sé de cheart ag Údarás na Gaeltachta éirí as an nós imeachta dámhachtana sa chás go mbeadh Aighneachtaí neamhrialta ann nó sa chás nach mbeadh Aighneachtaí cuí ann agus i gcásanna mar ia d'fhéadfadh sé an nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan aon ghlaoch eile ar chomórtas.

Éilímid agus léirímid go bhfuil an t-údarás corparáideach riachtanach againn chun an Aighneacht seo a dhéanamh.

Déanaimid iarracht lena chinntiú go tógfar gach acmhainn theicniúil agus eagraíochta le nach bpróiseálfar sonraí pearsanta go neamhdhleathach nó go neamhúdaraithe agus ionas nach gcaillfear sonraí pearsanta a thugtar dúinn agus nach déanfar dochar dóibh le linn an Chomórtais.

Más ábhartha, cuirimid faoi iamh leis an Ráiteas seo aon litir thacaíochta ábhartha ó mháthairchomhlachtaí nó ó thríú páirtithe a bhfuil sé de rún againn brath ar a n-acmhainní chun an Conradh a chomhlíonadh. Deimhníonn na litreacha seo go ndéanfaidh tríú páirtí dá leithéid:

(a) a acmhainní ábhartha a chur ar fáil don Iarratasóir sa chás go n-éiríonn leis an Iarratasóir sa Chomórtas seo agus sa chás go mbronntar an Conradh air; agus

(b) go nglacfaidh sé le gealltanas conarthach le hÚdarás na Gaeltachta nó ráthaíocht i bhfabhar Údarás na Gaeltachta i leith acmhainní ábhartha ag an am céanna is a ghlacann an tIarratasóir le Conradh ar bith.

Aithnímid nach ionann doiciméid a fháil don Chomórtas seo agus tairiscint a fháil chun glacadh leis an gconradh agus níor cheart glacadh leis mar ghealltanas nó mar ionadaíocht ar son Údarás na Gaeltachta chun cur isteach ar shocrúchán conarthach. Ní beidh gealltanas de chineál ar bith, gealltanas conarthach ná eile, a chuireann iallach ar Údarás na Gaeltachta nó go scríobhfaidh Údarás na Gaeltachta conradh scríofa foirmiúil nó go scríobhfar conradh dá leithéid ar a shon. Tuigimid go bhféadfaidh Údarás na Gaeltachta, dá rogha féin, deireadh a chur leis an gComórtas seo am ar bith sula scríobhfar conradh scríofa foirmiúil ar son Údarás na Gaeltachta

Arna dhátú an lá seo de 2026

Sínigh ag an Iarratasóir nó thar a cheann:

Priontáil Ainm an tSínitheora:

Ainm an Iarratasóra[3]:

Seoladh Cláraithe:

_____

FOIRM 2 - EOLAS CORPARÁIDEACH

Iarratasóir (nó aonán tosaigh i gcás Grúpa)

Ainm Iomlán	
Seoladh	
Ainm(neacha) Roimhe Seo (má bhaineann)	
Seoladh Cláraithe (murab ionann iad)	
Uimhir Chlárúcháin (má bhaineann)	
Guthán	
Facs	
Ainm & Sonraí an Teagmhálaí	
Seoladh ríomhphoist:	
Seoladh an tsuímh ghréasáin	
Bliain ar bunaíodh é	
Foirm Dhlíthiúil (Cuir tic le ceann amháin)	☐ Comhlacht ☐ Comhfhiontar ☐ Comhpháirtíocht ☐ Eile (sonraigh)
Uimhir Chláraithe CBL (má bhaineann)	
Ainmneacha agus teidil na Stiúrthóirí	
Máthair-Chuideachta	
Úinéireacht (Príomhthairbhí)	

Ionadaí údaraithe an Iarratasóra (nó ionadaí an phríomhbhaill i gcás grúpa)

Ainm:	
Ainm & Sonraí an Teagmhálaí:	
Seoladh:	
Guthán:	
Facs:	
Seoladh Ríomhphoist:	

Baill an Ghrúpa (más cuí)

Deimhnímid, baill eile de chuid Grúpa an Iarratasóra, go bhfuil ionadaí údaraithe an Iarratasóra thuasluaite údaraithe le gníomhú ar son an Iarratasóra agus gurb é an príomh-theagmhálaí don Iarratasóir nuair atáthar ag plé leis an Údarás. (Mura mbaineann, cuir isteach 'n.bh.').

Ball an Ghrúpa	Ainm agus Teideal	Síniú

Stádas an Iarratasóra

Deimhnigh an tairgeoir singil é an tIarratasóir, nó an comhpháirtíocht é, nó an Grúpa nó comhfhiontar eile atá ann.

Táirgeoir	☐	Comhpháirt	☐
Grúpa	☐	Cineál Eile Comhfhiontair	☐

Más comhfhiontar eile atá ann, sonraigh an

FOIRM 3 - AIGHNEACHTAÍ BONA FIDE

[le comhlánú ag an Iarratasóir]

Is é an fáth a dtugtar an freagra thuas, go bhfaighidh an cliant (Údarás na Gaeltachta), Iarratasóirí iomaíocha bona fide ó gach ceann de na gnólachtaí atá istigh ar an gcomórtas. Aithnímid an prionsabal sin, agus deimhnímid dá bharr go bhfuilimid ag cur isteach aighneacht bona fide atá ceaptha a bheith iomaíoch agus nár shocraíomar agus nár athraíomar aon mhéid sonraithe inár nAighneacht trí; faoi; nó de réir comhaontú nó socrú ar bith le duine ar bith eile.

Deimhnímid freisin:

(a) Nár chuireamar in iúl d'aon duine eile seachas le hÚdarás na Gaeltachta an méid nó méid garbh aon phraghas inár nAighneacht, seachas sa chás go bhfuil nochtadh ann, faoi rún, faoi phraghas dá leithéid a bheith riachtanach chun meastacháin a fháil de phréimh árachais a theastaíonn don ullmhúchán chun;

(b) glacadh le gealltanas nó le socrúchán le duine ar bith eile ionas nach gcuirfidh sé an aighneacht i gcrích nó maidir leis an méid nó leis an bpraghas atá le cur isteach arís; agus

(c) tairgthe nó íoctha nó thugtha nó aontaithe le híoc nó chun aon tsuim airgid a thabhairt nó meas luachmhar go díreach nó go hindíreach ar aon duine a dhéanamh nó tar éis a dhéanta nó a chur faoi deara a dhéanamh maidir le haighneacht ar bith eile don obair sin, nó d'aon ghníomh nó rud dá leithéid a bhfuil cur síos air thuas.

A dtugaimid faoi nach ndéanfaidh aon cheann de na gníomhartha luaite i roinn (a), (b) nó thuas ag aon am roimh ghlacadh leis an Aighneacht nó roimh a dhiúltaithe.

Sa teastas seo, cuimsítear leis an bhfocal “duine” daoine nó aon duine nó cumann, idir corparáideach nó neamhchorpraithe agus “aon chomhaontú nó socrú” lena gcuimsítear aon aistriú dá shórt, idir foirmiúil nó neamhfhoirmiúil agus an bhfuil feidhm dhlíthiúil aige nó mura bhfuil.

Sínithe ag an Iarratasóir nó thar a cheann:

(agus grúpa an Iarratasóra, más cuí):

Priontáilte:

Ainm an Iarratasóra[4]:

FOIRM 4 - COIMHLINT LEASA

[le comhlánú ag an Iarratasóir]

Le tagairt do Roinn 4.6 (Coimhlint Leasa) de na doiciméid don chomórtas soláthair seo, comhlánaigh nuair is cuí.

Éilímid go: -

1. **Nach mbeadh aon** choimhlint leasa ann maidir leis an bpearsanra nó cineál oibre lena mbaineann sa Chonradh Iarratasóra.

   ☐ Coimhlint ar Bith

2. **D'fhéadfadh sé go mbeadh** coimhlint leasa ann maidir le **cuir isteach ainm(neacha) an duine/na ndaoine lena baineann**] agus an bhaint atá acu le Conradh an Iarratasóra.

   ☐ Coimhlint Féideartha

3. Mínigh céard í an choimhlint fhéideartha nó an choimhlint fhéideartha a cheapann tú a d'fhéadfadh a bheith ann agus cé leis a mbaineann sí agus cén chaoi a bhféadfadh sé tionchar diúltach a imirt ar Chonradh/Chonarthaí an Iarratasóra.

_____

_____

Caithfidh aon tsuim inchláraithe lena baineann aon chonraitheoir / aon fhochonraitheoir agus aon bhall de bhord Údarás na Gaeltachta, baill den Rialtas, baill den Oireachtas, nó fostaithe nó oifigigh d'Údarás na Gaeltachta nó a gcuid gaolta a bheith nochta go hiomlán.

Tuigfear na téarmaí ‘suim inchláraithe' agus ‘duine gaolta' de réir Roinn 2 agus Sceideal 2 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, agus is féidir cóip den acht sin a íoslódáil ag www.finance.gov.ie.

Ba mhaith linn na suimeanna inchláraithe seo a leanas a chur in iúl d'Údarás na Gaeltachta:

_____

_____

Sínithe ag an Iarratasóir nó thar a cheann5:

(agus grúpa an Iarratasóra, más cuí):

Priontáilte:

Ainm an Iarratasóra:

Seoladh Cláraithe:

_____

_____

FOIRM 5 - INCHÁILITHEACHT

[le comhlánú ag an Iarratasóir]

Cuid 1

Fágfar iarratasóirí as an áireamh sa Chomórtas go huathoibríoch má thuigeann Údarás na Gaeltachta, gur cuireadh coir i leith an Iarratasóra (nó i leith aon duine de Ghrúpa an Iarratasóra) lena baineann:

(a) rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil forordaithe;

(b) éillitheacht;

(c) calaois;

(d) sciúradh airgid; nó

(e) aon choir eile laistigh den chiall i Rialachán 57(1) den Aontas Eorpach (Conarthaí Údaráis Phoiblí a Bhronnadh) Rialacháin 2016 (I.R. Uimh. 284 de 2016), mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta de Stát ábhartha ar bith.

An mbaineann aon cheann de na coinníollacha dá tagraítear i bhfo-ailt (a) go (e) thuas leis an Iarratasóir nó le aon bhall den Ghrúpa? (Cuir tic sa bhosca cuí)

Baineann	**Ní bhaineann**

Má bhaineann, cuir sonraí ar fáil ina leith.

Cuid 2

Anuas air sin, *d'fhéadfaí* Iarratasóirí a chur as an gcomórtas go huathoibríoch sa chás go mbaineann aon cheann de na coinníollacha sna fo-ailt (a) go (g) thíos leis an Iarratasóir nó le haon duine de bhaill an Ghrúpa:

(a) baineann siad le ceann de na nósanna imeachta féimheachta nó dócmhainneachta:

(i) Is féimheach é an duine nó tá sé faoi réir achainí féimheachta

(ii) tá an duine, agus é ina chomhlacht corpraithe, á fhoirceannadh nó faoi réir nósanna imeachta d'fhoirceannadh éigeantach, nó

(iii) tá gnóthaí an duine á riar ag cúirt, nó tá an duine faoi réir nósanna imeachta ina bhfuiltear ag iarraidh go ndéanfaí gnóthaí an duine a riar amhlaidh, nó

(iv) tá socrú déanta ag an duine le creidiúnaithe, nó

(v) tá gníomhaíochtaí gnó ar fionraí ag an duine, nó

(vi) tá an duine i gceist, i dtuairim Údarás na Gaeltachta, in aon staid atá cosúil le haon cheann de na staideanna a luaitear i bhfomhíreanna (i) go (v), faoi dhlí de chuid an Stáit, de chuid Ballstáit eile nó de chuid tríú tír a bhaineann le féimheacht nó le dócmhainneacht.

(b) fuair údarás inniúil atá údaraithe leis an dlí chun líomhaintí mí-iompair ghairmiúil i gcoinne daoine lena n-áirítear an t-oibritheoir a éisteacht agus a chinneadh an duine ciontach i mí-iompar gairmiúil; nó

(c) rinne an duine mí-iompar gairmiúil tromchúiseach is féidir a chruthú trí mhodh is féidir leis an údarás a léiriú;

(d) Níor chomhlíon an duine oibleagáid chun ranníocaíocht slándála shóisialaí a íoc mar a theastaíonn de réir dhlí na tíre na an dúchais–

(i) ina gcónaíonn an duine go hiondúil nó ina ndéanann sé a ghnó, nó

(ii) ina bhfuil an t-údarás bunaithe, nó

(e) Níor chomhlíon an duine oibleagáid chun cáin nó tobhach a íoc arna cur i bhfeidhm faoi dhlí na tíre nó an dúchais–

(i) ina gcónaíonn an duine go hiondúil nó ina ndéanann sé a ghnó, nó

(f) ina bhfuil an t-údarás bunaithe, nó sa chás go bhfuil ráiteas nó eolas tugtha ag an duine don údarás nó d'údarás conarthach eile agus a fhios aige nach í an fhírinne nó go bhfuil an t-eolas míthreorach, nó gur chlis ar an duine ráiteas nó eolas a thabhairt don údarás nó d'údarás den sórt sin a éilíonn an t-údarás go réasúnach chun an conradh poiblí a bhaineann leis a bhronnadh;

(g) tá siad faoi réir aon chúis eile atá luaite i Rialachán 57(2) agus (4) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Conarthaí Údaráis Phoiblí a Bhronnadh) 2016 (I.R. Uimh. 284 de 2016), mar a shainmhínítear i ndlí náisiúnta ag aon Stát ábhartha.

An mbaineann aon cheann de na coinníollacha ó (a) go (e) leis an Iarratasóir nó le aon bhall den Ghrúpa? (Cuir tic sa bhosca cuí)

Baineann	**Ní bhaineann**

Má bhaineann, cuir sonraí ar fáil ina leith.

Sínithe ag an Iarratasóir nó thar a cheann

(agus grúpa an Iarratasóra, más cuí):

Priontáilte:

Ainm an Iarratasóra[6]:

Seoladh Cláraithe:

_____

FOIRM 6 - FOIRM CHOMHAONTAITHE COMHROINNTE SONRAÍ

An Rialachán Ginearálta Cosanta Sonraí (AE)
2016/679 An tAcht um Chosaint Sonraí (IE), 2018

Sonraí na Cuideachta / an Trádálaí Aonair:

Ainm na Cuideachta: Seoladh na Cuideachta: _____

_____

_____

_____

Ainm an Phríomhfheidhmeannaigh / an Trádálaí Aonair: _____

Dearbhú:

Dearbhaíonn an Comhlacht/ Trádálaí Aonair, mar chomhrialaitheoir agus/nó mar phróiseálaí na sonraí le hÚdarás na Gaeltachta, an méid a leanas:

- Tá buneolas inniúil aige ar riachtanais RGCS, agus tá na bearta riachtanacha déanta aige lena chinntiú go gcomhlíonann sé an Rialachán Ginearálta Cosanta Sonraí, 2018.
- Ní úsáidfear na sonraí uile a fuarthas ó Údarás na Gaeltachta ach ar mhaithe leis an tseirbhís a chur ar fáil/ ar mhaithe le dualgais an phoist a dhéanamh.
- Ní bheidh na sonraí uile a fhaightear ó Údarás na Gaeltachta ar fáil ach do na baill foirne a bhfuil an tionscadal seo sannta dóibh, atá ar an eolas faoi fhreagrachtaí RGCS.
- Agus an Comhlacht / Trádálaí Aonair i seilbh duine, stórálfar gach cruachóip agus cóip leictreonach go sábháilte agus gan rochtain ag aon duine orthu ach an fhoireann a bhfuil an tionscadal seo sannta dóibh.
- Sa chás go sárófaí rialacháin RGCS, cuirfidh an Comhlacht/ an Trádálaí Aonair seo Aonad Tithíochta Údarás na Gaeltachta faoin sárú láithreach.

Shínigh mé an dearbhú seo mar Phríomhfheidhmeannach an chomhlachta seo/ nó an Trádálaí Aonair seo.

Síniú: _____ **Dáta:** _____

(Bloc): _____

Nótáilte: _____ **Dáta:** _____

Údarás na Gaeltachta

(Seol ar ais chuig an Aonad Tithíochta, Údarás na Gaeltachta agus é comhlánaithe agus sínithe).

FOIRM 7 - RÁITÉAS MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ

[le comhlánú ag an Iarratasóir]

Dearbhaím/dearbhaímid an méid a leanas:

- Aontaímid, má bhronntar an Conradh orainn, go comhlíonfaimid, agus muid ag cloí leis an gconradh, gach oibleagáid ábhartha i réimse timpeallachta, sóisialta agus oibre.

- Deimhnímid go soláthraíonn agus go próiseálann muidne, an tÚdarás Conarthach, an Fhoireann Meastóireachta agus soláthraí an tsuímh gréasáin etenders.gov.ie Sonraí Pearsanta de chuid na ndaoine is ábhar do na sonraí céanna inár dTairiscint le toil na ndaoine céanna, ar mhaithe lenár rannpháirtíocht sa Chomórtas seo nó go bhfuil bunús dlíthiúil chun Sonraí Pearsanta dá leithéid a chur ar fáil don Údarás Conarthach ar mhaithe lenár rannpháirtíocht sa Chomórtas seo agus go gcuirfimid fianaise ar fáil ar a leithéid de thoil agus/nó ar an mbunús dlíthiúil chuig an Údarás Conarthach ach é a iarraidh.

Sínithe ag an Iarratasóir nó thar a cheann

Sínithe:			
Ainm (i gCeannlitreacha):			
Post / Duine Údaraithe:			
Thar ceann:			
Seoladh:			
Guthán:		**Facs:**	
Ríomhphost:		**Dáta:**	

FOIRM 8 - DEARBHÚ MAIDIR LE STAID AIRGEADAIS AGUS EACNAMAÍOCHTA

[Ar pháipéar ceannchlóite CCT – le comhlíonadh ag an Iarratasóir]

Dearbhú gur féidir leis an Iarratasóir an Caighdeán Íosta le haghaidh Critéir Eacnamaíochta agus Airgeadais sa doiciméad dar teideal Cuireadh le haghaidh Léiriú Spéise

Chuig: Údarás na Gaeltachta

Maidir le: Léiriú Spéise le haghaidh Lóistín Cónaithe inacmhainne do Chainteoirí Gaeilge sna Doirí Beaga (Gaoth Dobhair), Co. Dhún na nGall

Dáta: *[ll/mm/bbbb]*

Critéir oiriúnachta: Staid Airgeadais agus Eacnamaíochta

A Dhaoine Uaisle

Dearbhaím mar Iarratasóir agus mé faoi mheasúnú maidir le hoiriúnacht le haghaidh Lóistín Cónaithe Inacmhainne do Chainteoirí Gaeilge sna Doirí Beaga (Gaoth Dobhair), Co. Dhún na nGall go bhfuil an acmhainneacht airgeadais agam chun na caighdeáin íosta leagtha síos le haghaidh staid eacnamaíochta agus airgeadais a chomhlíonadh sa doiciméad Cuireadh le haghaidh Léiriú Spéise.

Anuas air sin, IS AMHLAIDH gur chuireamar fianaise ar fáil laistigh de sheacht lá féilire chun tacú leis an dearbhú seo agus é iarrtha orm le linn an Chomórtais.

Is mise, le meas,

Stiúrthóir Airgeadais

[Ainm an CCT]